MÚINEADH NA SCRÍBHNEOIREACHTA

Múineadh na scríbhneoireachta
sa bhunscoil lán-Ghaeilge & Ghaeltachta

11 Bealtaine, 16:00, Zoom

gaeloideachas.ie/claraigh

SEIMINEÁR AR LÍNE

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Cathaoirleach

Claire M. Dunne

Institiúid Oideachais Marino

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

#ForbairtGaeloid

Éascaitheoir

Micheál S. Mac Donnacha

Bord Stiúrtha Gaeloideachas, COGG agus Scoil Mhic Dara

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

#ForbairtGaeloid

- Saorscríbhneoireacht
- Próiseas
- Pleanáil
- Áiseanna teagaisc agus tacaíochta
- Meastóireacht

Ag múineadh : Scríbhneoireacht

Scríbhneoireacht agus Tumoideachas

- Dátheangachas suimitheach.
- Scríbhneoireacht chruthaitheach / Scríbhneoireacht Fheidhmiúil.
- Trasnaíonn scileanna Scríbhneoireachta.
- Ag nascadh labhairt, éisteacht agus léitheoireacht le scríbhneoireacht.
- Gá leis ó thaobh dul chun cinn ag dara leibhéal.
- **“Aithnítear sa churaclam gur cuid d’fhoghlaim na teanga í an scríbhneoireacht. Is scil í a chaithfear a fhoghlaim agus a chleachtadh**”.



Saorscríbhneoireacht

- Tabhair misneach ar ais ó thaobh na cruthaitheachta de do na daltaí.
- Gach rang páirteach/ gach seachtain.
- Níl aon mharc(ach dáta) ach tá ceartúchán.
- Cleachtas gníomhach agus taitneamhach.
- An rud a scríobhann an púca, léann sé féin é.
- Prionta sa timpeallacht.
- Cóipleabhar faoi leith.
- Bealach chun féinmheasúnú a dhéanamh.

Taithí ar an scríbhneoireacht 1

- Dalta Rang 6: **Cluiche Peile**
- Cad a scríofaidh mé?
- Ní thuigim an teideal.
- Pleanáil : Cad é sin/ tús ..lár .. deireadh …
- Conas a litríonn tú……?
- Nílim in ann níos mó a scrobh : bhfuil leathbhileog ceart go leor?

An Scríbhneoireacht

- Is próiseas í scil na scríbhneoireachta. Tiocfaidh cruinneas trí **fhiosrú**, **múnlú** agus **roinnt**
- Méadóidh stór focal na bpáistí, chomh maith le heolas ar phoncaíocht agus ar leagan amach cuí an téacs, de réir mar a théann siad i d**taithí** ar an scríbhneoireacht mhúnlaithe, agus ina gcuid iarrachtaí féin
- Caithfear téacsanna Gaeilge sna seánraí éagsúla a chur roimh pháistí
- Féinmhuinín agus féinmheas á gcothú
- Ceangal idir scríbhneoireacht, léitheoireacht, éisteacht agus labhairt

Na Seánraí

- Athinsint / Mo Nuacht
- Insint / Ficsean
- Scríbhneoireacht ghnásúil/ Céimiúil
- Tuairisc
- Scríbhneoireacht mhínithe/Eolaíocht
- Scríbhneoireacht Áititheach/ Díospóireacht
- Scríbhneoireacht shóisialta

Athinsint / Mo Nuacht



- Is cur síos é seo ar rud a tharla, b'fhéidir, **don údar féin.**
- Tá cineálacha éagsúla athinsintí ann; athinsint ar rud pearsanta a tharla, (cuairt a thug mé ar fheirm), rud fíriciúil (taisme a tharla), rud a tharla sa tsamhlaíocht (lá i saol cait).
- Bíonn suíomh agus imeachtaí in ord i gceist le hathinsint. Críochnaítear an athinsint le ráiteas deiridh.

Tréithe:

- Rannpháirtithe áirithe
- Nascfhocail ama, m.sh., roimh, ina dhiaidh
- Paragraif a léiríonn an t-ord
- Briathra a léiríonn gníomhaíochtaí : Chuaigh / D'ith / Cheannaigh
- Is minic a bhíonn sí san aimsir chaite

- https://www.curriculumonline.ie

Plean: 7 Seachtaine

- **Seachtain 1 - 2**: aithne a chur ar an seánra trí :
- shamplaí ón seánra a léamh sa rang, daltaí ag léamh samplaí.
- Samplaí de na seánraí a bheith le feiceáil go bhfeicfidís an leagan amach.
- Cairt bhán agus teideal an tseánra uirthi agus ag cur léi ó thaobh tréithe/rudaí atá muid a fhoghlaim ó thaobh an tseánra.
- **Seachtain 3 - 4**: múinteoirí ag scríobh samplaí den seánra ar an gclár bán (múnlóireacht)

- **Seachtain 5 - 6**: daltaí iad féin ag cruthú píosaí scríbhneoireachta bunaithe ar na seánraí
- ag obair le chéile: obair ghrúpa/obair bheirte
- Is féidir tosú ag múineadh an tseánra seo anois ag an bpointe **seo trí Bhéarla**: beidh tú in ann céim seachtain 1 - 2 a dhéanamh go tapa ach **tá gá** le sampla a scríobh ar an gclár bán: **tá trasnú scileanna** ó Ghaeilge go Béarla sonrach anseo.

- **Seachtain 7**: obair neamhspleách an dalta: an dalta ag scríobh samplaí den seánra. Is fiú lucht léitheoireachta a fháil don scríbhneoireacht má tá am ann.

Mí	Naíonáin (ó bhéal /léitheoireacht Ghaeilge)	Rang 1-6 (Na céimeanna múinteoireachta)
Meán Fómhair - Deireadh Fómhair	Athinsint	Athinsint
Samhain - Nollaig	Insint Sóisialta (Nollaig/Oíche Shamhna)	Insint Sóisialta
Eanáir - Feabhra	Tuairisc Sóisialta Scríobh Leabhar	Tuairisc Sóisialta
Márta - Aibreán	Gnásúil Sóisialta	Gnásúil Sóisialta
Bealtaine - Meitheamh	Mínithe Áititheach	Mínithe Áititheach

Plean Bliana

Insint / Ficsean

- Is scéal ón tsamhlaíocht é seo (seans go mbeidh sé bunaithe ar scéal fíor).
- Bíonn suíomh ann le Cé? Cén áit? Cén uair?
- Bíonn carachtair, suíomh agus fadhb le réiteach.

Tréithe:

- An aimsir chaite de ghnáth
- Carachtair agus leathnú ar an gcarachtar de réir tú ag forbairt suas na ranganna
- Comhrá
- Teanga a dhéanann cur síos(Aidiachtaí)
- Nascfhocail a bhaineann le ham(Fadó ..fadó ..)



Scríbhneoireacht ghnásúil/ Céimiúil

- Is céimeanna iad seo a leantar le rud a dhéanamh. (IKEA)
- Is téacs é seo a léiríonn an dóigh le císte a dhéanamh nó cluiche a imirt nó treoracha le háit a aimsiú.

Tréithe:

- Cur síos ar rud fíor
- Tagairtí ginearálta don léitheoir
- Nascfhocail ama, m.sh., roimh, i ndiaidh
- Briathra a léiríonn gníomhaíochtaí



Tuairisc

- Scríobhtar tuairisc le heolas fíor a chur in iúl.
- Bíonn eolas eagraithe agus cláraithe i dtuairisc.

Tréithe:

- Rannpháirtithe ginearálta
- Teanga neamhphearsanta
- An aimsir láithreach ach teanga nach léiríonn am
- Foclóir áirithe a bhaineann leis an ábhar



Scríbhneoireacht mhínithe/Eolaíocht

- Scríobhtar míniú ar an dóigh a n-oibríonn rud nó an próiseas a bhaineann le rud, m.sh., tuar ceatha.
- Bíonn ráiteas ann agus ansin míniú i gcéimeanna.

Tréithe:

- Rannpháirtithe nach daoine iad
- An gaol idir cúis agus éifeacht
- Bíonn an saorbhriathar ann
- An aimsir láithreach go minic ach níl tábhacht leis an aimsir

Scríbhneoireacht Áititheach/ Díospóireacht

- Scríobhtar go háititheach le rud a chur ina luí ar dhuine agus le hargóint agus díospóireacht a léiriú.
- Scríobhtar le réamhfhocail agus in ord cinnte le hathrá.

Tréithe:

- Rannpháirtithe ginearálta
- An saorbhriathar in úsáid le tacú leis an struchtúr
- Nascfhocail a bhaineann le réasúnaíocht
- Déantar ainmfhocail de bhriathra, m.sh. truailligh go truailliú



Scríbhneoireacht shóisialta

- Cuidíonn an cineál seo scríbhneoireachta le scríbhneoirí bheith i dteagmháil lena chéile.
- Is féidir bheith foirmiúil nó neamhfhoirmiúil.
- Is féidir leithscéal a ghabháil, nótaí buíochais, cuireadh, beannachtaí agus teachtaireachtaí a scríobh.

Tréithe:

- Athraíonn fráma an tseánra seo ag brath ar an topaic
- Beidh túsphointe ann a léireoidh cúis, am agus áit an téacs
- Ansin beidh an teachtaireacht féin ann leis na mionsonraí
- Teanga fhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil ag brath ar an duine
- Giorrúcháin nó pictiúir



Seacht gcéim le scríbhneoireacht a mhúineadh



Taithí ar an scríbhneoireacht 2

- Dalta Rang 6: **Cluiche Peile**
- Cén seanrá é sin? B'fhéidir aithint nó scéal ficsin nó Tuairisc sa nuachtán?
- Sa seanrá sin tá ….
- Bíonn an aimsir chaite sa seanrá sin…
- Tá an teideal sin cosúil leis an gceann sin a scríobh an múinteoir …
- Is féidir liomsa mé féin bheith san aiste/scéal seo…

Áiseanna teagaisc agus tacaíochta



https://padlet.com/maire8/1e5v3x4septqc6h4

Meastóireacht

- Féinmheasúnú (saorscríbhneoireacht)
- Cumarsáid nó comhdháil (le linn na gcéimeanna múinteoireachta)
- Fillteán a choinneáil agus a mheas (samplaí scríbhneoireachta)
- Ceistiú (plé faoi sheánraí)
- Seicliostaí (féindeartha: taobh istigh de chlúdach an chóipleabhair)
- Breathnóireacht
- Scrúduithe deartha ag múinteoirí/ scoil
- Scrúduithe caighdeánaithe



Plé

Ceisteanna

1. Cad iad na seánraí a mholann tú tabhairt fúthu?

2. Cén tábhacht a bhaineann le saor- scríbhneoireacht?

3. Cén moladh atá agat maidir le dréachtú & athdhréachtú?

4. Conas páistí a bhfuil ardchumas scríbhneoireachta sa Bhéarla acu a spreagadh chun an caighdeán céanna a shroicheadh as Ghaeilge?

#ForbairtGaeloid

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Ceisteanna

5. Tuairimí an phainéil ar scríbhneoireacht cursive (scríbhneoireacht reatha?) a mhúineadh ó naíonáin bheaga .... na páistí a bhíonn ag streachailt leis ón tús
6. Céard é an bealach is fearr chun an litriú a fheabhsú sna hardranganna?
7. Cad é do thuairim faoi dheachtú chun an litriú a fheabhsú?
8. Aon scéim don litriú a mholfá?
9. b agus d - an tseancheist chríonna do thosaitheoirí (gan trácht ar p!) Aon nod, le bhur dtoil?

#ForbairtGaeloid

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Ceisteanna

10. Piarmheastóireacht (ábhar agus gramadach) sna hardranganna: cur chuige/ creatlach faoi leith nó rud gur cheart a sheachaint?

11. Cad é an dóigh is fearr leis an scríbhneoireacht a fheabhsú i Rang a hAon agus le páistí le riachtanas ar leith?

12. Maidir le leanúnachas go dtí an dara leibhéal le scríobh na Gaeilge, is léir go bhfuil bearnaí fós le líonadh. Conas is féidir tabhairt faoi/teacht ar réiteach sa chéad bhliain ag an dara leibhéal dar leat?

Ceisteanna

13. Leideanna chun iad a chur ag scríobh i R1?
14. Bealaí éifeachtach litriú/gramadach a cheartú sna bunranganna gan an t-uafás ceartúcháin a thabhairt ar ais do pháistí?
15. Céard é do mheas ar shaorscríbhneoireacht do pháistí nach bhfuil struchtúr teanga ná litriú maith acu? Agus, moltaí faoi thacaíocht agus idirdhealú do pháistí leis na fadhbanna sin, agus, faoi 'scribing' do pháistí nach mbeadh in ann scéal a scríobh ionas gur féidir leo a gcuid scéalta a fheiceáil ar pháipéar, a léamh os comhair a gcairde agus a cheiliúradh?
16. An gceapann tú go bhfuil níos mó tacaíochta ag teastáil do scríbhneoireacht Ghaeilge i nGaelscoil ná sa Ghaeltacht nó i scoil Bhéarla, ach go háirithe suas go dtí, abair, Rang 4?

Ceisteanna

17. Tá sé tugtha faoi deara agam ar scoil go mbíonn drogall ar roinnt scoláirí tabhairt faoi scríbhneoireacht go neamhspleách (an saorscríbhneoireacht) i nGaeilge. Cén chaoi gur féidir liom í a spreagadh?
18. Arbh fhearr dhá sheánra nó trí a roghnú don scoil iomlán agus snas a chur orthusan in ionad bheith ag iarraidh gach seánra a chlúdach?

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

#ForbairtGaeloid

Tacaíochtaí ó Gaeloideachas

- Rannóg speisialta do mhúinteoirí : www.gaeloideachas.ie/is-muinteoir-oideoir-me/?lang=ga
- Rannóg speisialta do thuismitheoirí: www.gaeloideachas.ie/is-tuismitheoir-dalta-me
- Nuachtlitreacha: www.gaeloideachas.ie/nuacht-blag/?lang=ga
- Fóram/Grúpa do mhúinteoirí ar Facebook: www.facebook.com/groups/508216870083392
- Rannóg RSO ar an suíomh: www.gaeloideachas.ie/oideachas-speisialta/?lang=ga
- Físeáin ar Youtube (taifead de na seimineáir uile):

  www.youtube.com/channel/UCcFMSwfGoHHsW4-GWMF2ArQ

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Míle Buíochas libh as bheith linn!

Teaamháil

eolas@gaeloideachas.ie

01 853 5195

www.gaeloideachas.ie

#ForbairtGaeloid

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta